

19 Feabhra, 2019

Maidir le: Grúp-Cheannasaí Seánra na Gaeilge RTÉ

A Stiúrthóir Dee Forbes, a chara,

Fáiltímid i gConradh na Gaeilge roimh fhógra an phoist ‘Grúp-Cheannasaí Seánra na Gaeilge’. Tá Rónán Mac an Iomaire tar éis jab iontach a dhéanamh thar na blianta sa ról sin.

Ach is le díomá gur chonaiceamar go mbeidh íslíú stádas ann don bpost atá fógartha. Go dtí seo bhí an Grúp-Cheannasaí freagrach do Stiúrthóir Ábhar RTÉ, ach anois tá sé luaite san fhógra ‘Tá Grúp-Cheannasaí na Gaeilge freagrach do Leas-Stiúrthóir na gClár’.

Tá ról tábhachtach ag an nGrúp-Cheannasaí na Gaeilge, mar shampla bíonn Ceannaire Raidió na Gaeltachta ag tuairisciú don nGrúp-Cheannasaí. Má thugann tú íslíú stádas don nGrúp-Cheannasaí tá tú ag íslíú stádas go hindíreach do Cheannaire Raidió na Gaeltachta freisin. Tá go leor obair le déanamh ag an nGrúp-Cheannasaí agus mar sin caithfear a chinntiú go bhfuil an ról chomh sinsearaí is gur féidir ionas go mbeidh an Grúp-Cheannasaí in ann tionchar a imirt i gcinntí i dtaobh na Gaeilge de i RTÉ.

Tá obair an Grúp-Cheannasaí níos tábhachtaí ná riamh agus tuairiscí mar seo ag teacht amach ó *Meáin Ghaeilge RTÉ Plean Gníomhaíochta 2015-2019* ag rá ‘Tá an laghdú ar líon na foirne ar fud RTÉ le blianta beaga anuas le brath go mór sna réimsí a bhaineann le craoltóireacht i nGaeilge, agus fuair tagtha ar leibhéal an chumais Gaeilge ar fud na heagraíochta.’ Tá sé luaite agat féin ag seisiún Coiste um Chuntais Phoiblí ‘we do not spend enough money on [Irish language content].’ Mar sin tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeidh post an Grúp-Cheannasaí chomh sinsearach is gur féidir chun déileáil leis na dúshlán seo.

Tá Conradh na Gaeilge ag iarraidh go mbeidh an Grúp-Cheannasaí freagrach agus ag tuairisciú don Ard-Stiúrthóir mar atá luaite i dTuarascáil Ghrúpa Oibre RTÉ ar an nGaeilge agus go mbeidh an Grúp-Cheannasaí ina bhall ar Bhord Feidhmiúcháin RTÉ.

Is mise, le meas,

*Caoimhín Ó Cadhla*

Caoimhín Ó Cadhla

Feidhmeannach Taighde agus Anailíse